# Polasaí Obair Bhaile

# Gaelscoil Dr. Uí Shuilleabháin

**Cén fáth go dtugtar obair bhaile do dhaltaí?**
Chun an obair a dhéantar sa rang a dhaingniú
Chun ceangail a dhéanamh idir an múinteoir agus an tuismitheoir.
Chun scileanna dianmhachnamh agus féin-smacht an pháiste a fhorbairt.

Tugann obair bhaile deis do pháistí an obair a dhéantar sa rang a chleachtadh. Dé ghnáth bíonn sé ullmhaithe ag an múinteoir sa rang. Áfach, uaireanta le na hardranganna, tugtar obair bhaile mar dhúshlán don pháiste agus mar deis cruthaitheacht a fhorbairt.

Déanfaidh gach páiste a ndícheall an obair bhaile is fearr gur féidir leo a dhéanamh.

**Cé chomh minic is a thugtar obair bhaile?**

Tugtar obair bhaile ar an Luan, an Mháirt, an Céadaoin agus an Déardaoin. Ní thugtar aon obair bhaile ar an Aoine ach tugtar é

- muna dhéantar an obair bhaile I rith na seachtaine agus

- uaireanta tugtar obair tionscadail sna hardranganna.

Uaireanta faoi rogha an mhúinteoir nó an príomhoide, ní thugtar aon obair bhaile ar ócáidí speisialta faoi leith.

Uaireanta tugtar obair bhaile breise I rith an tseachtain muna dhéantar é I gceart, muna dhéantar iarracht oiriúnach nó nuair a thugtar obair salach.

**Cad é an t ábhar don obair bhaile?**

Go idéalach bíonn cothromaíocht ann idir obair ó bhéil, obair léitheoireachta agus obair scríofa.

Uaireanta ní féidir an cothromaíocht sin a bheith ann. Áfach, tá am tugtha d'obair léitheoireachta agus d'obair foghlamtha chomh tábhacht is atá am tugtha d'obair bhaile scríofa.

Go rialta bíonn léitheoireacht, litriú, táblaí, obair scríofa, obair ó bhéil, dathú, tarraingt, sonraí a bhailiú agus obair ranga a chríochnú mar chuid den obair bhaile.

Uaireanta ceapann páistí nach fíor obair bhaile é "obair ó bhéal-obair le foghlaim de ghlanmheabhair." Tá ról an-thábhacht ag tuismitheoirí anseo ag éisteacht le páistí ag léamh agus ag foghlaim rudaí de ghlanmheabhair chun a chinntiú go bhfuil an obair déanta I gceart.

**Cé mhéad am gur cóir caitheamh ar obair bhaile?**

Tógfaidh sé am difriúil do pháistí éagsúla an obair bhaile céanna a dhéanamh. Athróidh am caite ar obair bhaile ó lá go lá agus ó pháiste go páiste agus ó thús na bliana go deireadh na bliana chomh maith. Tuigeadh gurb é cáilíocht an obair bhaile ná méid an obair bhaile níos tábhachtaí. Tugtar obair bhaile ó Luan go Déardaoin. Dé ghnáth, ní bhíonn aon obair bhaile ag an deireadh seachtaine nó ar laethanta scoile roimh saoire poiblí. Áfach, uaireanta bíonn ar na hardranganna nó na meánranganna obair neamhspleách a dhéanamh ar tionscadail ag an deireadh seachtaine.

| | |
|---|---|
| Naíonáin bheaga/mhóra | 10 nóiméad |
| Rang a haon | 20 nóiméad |
| Rang a dó | 30 nóiméad |
| Rang a trí | 45 nóiméad |
| Rang a ceathair | 45 nóiméad |
| Rang a cúig | 1 uair |
| Rang a sé | 1 uair |

**Cé mhéad cabhair a thugann tuismitheoirí?**

Ba cóir do thuismitheoirí cabhair a thabhairt le obair bhaile tré mheán

- Áit agus am oiriúnach d'obair bhaile a chur I láthair.

- Cosc a chur le aon cur isteach mar shampla, teilifís nó páistí eile.

Ba cóir do pháistí obair bhaile scríofa a dhéanamh ina n-aonar agus faightear cabhair ó thuismitheoirí nuair a mbíonn deacrachtaí ann.

Má tá deacrachtaí ag an bpáiste le obair bhaile, ba cóir do thuismitheoirí níos mó míniú nó samplaí a thabhairt agus gan an obair bhaile a dhéanamh don pháiste. Muna oibríonn an plean seo, scríobh nóta don mhúinteoir ag míniú an fhadhb.

Ní ghnáth obair bhaile é "shared reading." Is eispéireas taitneamhach é idir an tuismitheoir agus an páiste. Muna eispéireas taitneamhach é, ná déan é.

**Cé chomh minic is a dhéanann an tuismitheoir monatóireacht ar obair bhaile?**

Ba cóir do thuismitheoirí an dialann a sheiceal agus a shíniú gach oíche.

Is cuntas tábhachtach d'obair bhaile é an dialann. Is ábhar fiúntach cumarsáide idir tuismitheoirí agus múinteoirí é.

Go idéalach, scríobhtar gach teachtaireacht idir an múinteoir agus an tuismitheoir anseo sa dhialann.

Seiceáil go scríobhann do pháiste a obair bhaile go néata ar an leathanach ceart agus go gcuireann sé/sí tic ar gach ní nuair atá sé déanta.

**Cé chomh minic is a dhéanann an múinteoir monatóireacht ar obair bhaile?**

Go idéalach seiceáiltear obair bhaile gach lá, ach uaireanta le ranganna móra ní féidir é seo a dhéanamh.

Faoi mar a fhásann páistí, agus a n-oibríonn siad go neamhspleách, ní sheiceáiltear ábhair áirithe chomh minic, mar shampla, gach dara lá nó uair sa sheachtain.

Is féidir le na páistí ábhair/nithe áirithe den obair bhaile a cheartú iad féin faoi threoir an mhúinteoir. Is cuid an thábhachtach é seo den phróiseas foghlamtha.

**Cathain a dhéantar cumarsáid idir tuismitheoirí agus múinteoirí faoin obair bhaile?**

Nuair nach féidir le páiste an obair bhaile a dhéanamh de bharr cúrsaí teaghlaigh.

Nuair nach féidir le páiste an obair bhaile a dhéanamh toisc nach dtuigeann sé/sí é.

Nuair a chaithtear níos mó ama ar obair bhaile ná na hamanna molta.

**Cathain a dhéantar obair bhaile?**

Tá suíomh gach clann difriúil – beirt thuismitheoir ag obair, feighlí linbh srl. Moltar an obair bhaile a dhéanamh sula gcuirtear an teilifís ar siúl chomh luath I ndiaidh na scoile agus is féidir nuair atá an páiste úr, ach uaireanta bíonn sos ag teastáil ón bpáiste ar dtús.

Ní fhágtar riamh obair bhaile go dtí an maidin roimh am scoile.

**Smaoinigh:**

**Más eispéireas lán de strus idir an tuismitheoir agus an páiste é obair bhaile, tá rud éigean cearr. Ní fhoghlaimíonn an páiste agus ní fiú é. Má tharlaíonn sé seo go rialta, téigh I gcomhairle leis an múinteoir ranga.**